

POBLACHT NA FRAINCE

An Aireacht Sláinte agus Coisc

Ordú an [...]

**lena leagtar síos liosta na mbunaíochtaí, na seirbhísí nó na soláthraithe seirbhíse a
fhéadfaidh bianna a sholáthar chun críocha speisialta míochaine i gcomhréir le
forálacha Airteagal L. 5137-1 den Chód Sláinte Poiblí**

NOR: [...]

An tAire Sláinte agus Coisc,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (códú), agus go háirithe Fógra Uimh 2023/XXX/F;

Ag féachaint don Chód Sláinte Poiblí, go háirithe Airteagal L. 5137-1 de;

Foraithníonn:

Airteagal 1

Bianna a cheaptar chun críocha speisialta míochaine seachas na bianna sin dá dtagraítear sa dara mír d’Airteagal L. 5137-3 den Chód Sláinte Poiblí, féadfar iad a sholáthar faoi dhálaí lena ráthaítear maoirseacht éifeachtach leighis:

1. Comharchumainn sláinte a bhfuil cógaslann á rith acu lena n-úsáid go himmheánach;

2. Bunaíochtaí cúraim sláinte nach bhfuil cógaslann acu lena n-úsáid go himmheánach;

3. Na hinstitiúidí agus na seirbhísí leighis agus sóisialta seo a leanas:

a) Saoráidí cónaithe do dhaoine scothaosta a luaitear i bpointe 6 d’Airteagal L. 312-1 den Chód Gníomhaíochta Sóisialta agus Teaghlaigh;

b) Saoráidí cónaithe do dhaoine mionaoiseacha nó do dhaoine fásta faoi mhíchumas a luaitear i bpointí 2 agus 7 de I den airteagal céanna;

c) Na saoráidí ar a dtugtar: ‘leapacha cúraim sláinte’, ‘leapacha fáiltithe leighis’ agus ‘árasáin mhaireachtála chuidithe’ a luaitear i bpointe 9 de I den airteagal céanna;

d) Na bunaíochtaí nó seirbhísí trialacha dá dtagraítear i bpointe 12 den airteagal céanna;

4. Na comharchumainn shóisialta agus na comharchumainn leighis-shóisialta dá dtagraítear in Airteagal L. 312-7 den Chód Gníomhaíochta Sóisialta agus Teaghlaigh a bhfuil bunaíocht nó seirbhís amháin ar a laghad dá dtagraítear i bpointe 2 ar siúl acu;

5. Soláthraithe seirbhíse agus dáileoirí ábhar dá dtagraítear in Airteagal L. 5232-3 den Chód Sláinte Poiblí.

I mbunaíochtaí sláinte ina bhfuil cógaslann lena n-úsáid go himmheánach, féadfaidh roinn den bhunaíocht bianna chun críocha speisialta míochaine seachas iad siúd dá dtagraítear sa dara mír d’Airteagal L. 5137-3 den Chód Sláinte Poiblí a sholáthar i ndáil leis an gcógaslann le haghaidh úsáide inmheánaí.

Airteagal 2

Foilseofar an tOrdú seo san *Iris Oifigiúil* ó Phoblacht na Fraince.

Arna dhátú

An tAire Sláinte agus Coisc,

Don Aire agus thar ceann an Aire:

Don Aire agus thar ceann an Aire:

Don Aire agus thar ceann an Aire: